2026/2540

19.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2540 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Samhain 2026

maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le fearais chuisniúcháin ag a bhfuil feidhm díolacháin dhírigh a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2018 agus Rialachán (AE) 2019/2024, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2397 agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/533

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), fearais chuisniúcháin atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe nó codanna díobh, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil na fearais chuisniúcháin sin i gcomhréir le ceanglais ábhartha an bhirt cur chun feidhme is infheidhme lena mbaineann na caighdeáin sin dá dtagraítear in Airteagal 9(2) den Treoir sin agus a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir sin, ar caighdeáin iad a chumhdaítear faoi na caighdeáin chomhchuibhithe sin nó faoi chodanna díobh.

(2) Trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme an 2 Bealtaine 2022 ([3]), rinne an Coimisiún iarraidh ar chaighdeánú ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) chun caighdeáin chomhchuibhithe nua a dhréachtú agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin chomhchuibhithe a bhí ann cheana, chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2024 ([4]) agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2018 ([5]).

(3) Ar bhonn na hiarrata sin ar chaighdeánú, leasaigh Cenelec caighdeán EN 63252:2020 agus ghlac sé leasú EN IEC 63252:2020/A11:2024 ina dhiaidh sin.

(4) Maidir le caighdeán EN IEC 63252:2020, arna leasú le EN IEC 63252:2020/A11:2024 a dhréachtaigh Cenelec, rinne an Coimisiún measúnú féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh ar chaighdeánú.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/125/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2022 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a mhéid a bhaineann le fearais chuisniúcháin ag a bhfuil feidhm díolacháin dhírigh chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2024 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2018 (C(2022) 2764).

([4]) Rialachán (AE) 2019/2024 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh fearais chuisniúcháin ag a bhfuil feidhm díolacháin dhírigh de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 315, 5.12.2019, lch. 313, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2024/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2018 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh fearais chuisniúcháin ag a bhfuil feidhm díolacháin dhírigh (IO L 315, 5.12.2019, lch. 155, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/2018/oj).

(5) Ní dhéanann caighdeán EN IEC 63252:2020, arna leasú le EN IEC 63252:2020/A11:2024, na ceanglais is aidhm dó a chumhdach agus a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/2024 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2018 a chomhlíonadh ach i bpáirt.

(6) Ní áirítear i raon feidhme EN IEC 63252:2020, arna leasú le EN IEC 63252:2020/A11:2024, meaisíní ilteochta ina bhfuil níos mó ná dhá urrann, a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2019/2024 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2018. Ina theannta sin, is gá an paraiméadar ídithe fuinnimh (e_r) a leagtar síos in EN IEC 63252:2020/A11:2024 a oiriúnú do Rialachán (AE) 2019/2024 agus do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2018. Ba cheart, dá bhrí sin, srianta lena dtugtar aghaidh ar na gnéithe sin a leagan síos.

(7) Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2024 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2018 agus a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ba cheart liosta iomlán de na tagairtí sin a fhoilsiú in aon ghníomh amháin. Dá bhrí sin, tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a fhoilsítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2397 ([6]) agus i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/533 ([7]), ba cheart iad a áireamh sa Chinneadh seo, rud lena ndéantar a mbailíocht a dheimhniú. Dá réir sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2397 agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/533 a aisghairm ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(8) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm dáta a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le fearais chuisniúcháin ag a bhfuil feidhm díolacháin dhírigh, a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2024 agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear leis seo iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. An tagairt a liostaítear i ró 3 den Iarscríbhinn sin, foilsítear í maille le srianta.

Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le fearais chuisniúcháin ag a bhfuil feidhm díolacháin dhírigh, a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2018 agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear leis seo iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. An tagairt a liostaítear i ró 3 den Iarscríbhinn sin, foilsítear í maille le srianta.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2397.

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/533.

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2397 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2024 maidir le caighdeán comhchuibhithe i ndáil le fearais chuisniúcháin ag a bhfuil feidhm díolacháin dhírigh arna dhréachtú chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2018 agus le Rialachán (AE) 2019/2024 (IO L, 2024/2397, 12.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2397/oj).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/533 ón gCoimisiún an 25 Márta 2025 maidir le caighdeán comhchuibhithe i ndáil le fearais chuisniúcháin ag a bhfuil feidhm díolacháin dhírigh arna dhréachtú chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2018 agus le Rialachán (AE) 2019/2024 (IO L, 2025/533, 26.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/533/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2019/2024

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
1.	EN 16838:2024 Cófraí cuisniúcháin taispeána agus díolacháin agus pozzetti le haghaidh uachtar reoite – Aicmiú, ceanglais, feidhmíocht agus tástáil um ídiú fuinnimh
2.	EN ISO 23953-2:2023 Caibinéid taispeána chuisnithe – Cuid 2: Aicmiú, ceanglais agus coinníollacha tástála (ISO 23953-2:2023)
3.	EN IEC 63252:2020 Ídiú fuinnimh na meaisíní díola EN IEC 63252:2020/A11:2024 Srianta: — Meaisíní il-teochta ina bhfuil níos mó ná dhá urrann, ní chumhdaítear iad leis an gcaighdeán agus dá bhrí sin tá siad lasmuigh de raon feidhme an Chinnidh seo. — Tagraíonn an paraiméadar ídithe fuinnimh (e_T) a leagtar síos i gclásal 7 do thréimhse 8 uair an chloig nach bhfuil infheidhme ach amháin i gcás chothromóid (1); i gcás chothromóid (2), is é 16 uair an chloig an tréimhse sin. Is féidir Fíoracha A.1 agus A.2 in Iarscríbhinn A a úsáid mar shoiléiriú toisc go leagtar amach iontu na ceanglais go hiomchuí.

IARSCRÍBHINN II

Caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2018

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
1.	EN 16838:2024 Cófraí cuisniúcháin taispeána agus díolacháin agus pozzetti le haghaidh uachtar reoite – Aicmiú, ceanglais, feidhmíocht agus tástáil um ídiú fuinnimh
2.	EN ISO 23953-2:2023 Caibinéid taispeána chuisnithe – Cuid 2: Aicmiú, ceanglais agus coinníollacha tástála (ISO 23953-2:2023)
3.	EN IEC 63252:2020 Ídiú fuinnimh na meaisíní díola EN IEC 63252:2020/A11:2024 Srianta: — Meaisíní il-teochta ina bhfuil níos mó ná dhá urrann, ní chumhdaítear iad leis an gcaighdeán agus dá bhrí sin tá siad lasmuigh de raon feidhme an Chinnidh seo. — Tagraíonn an paraiméadar ídithe fuinnimh (e_r) a leagtar síos i gclásal 7 do thréimhse 8 uair an chloig nach bhfuil infheidhme ach amháin i gcás chothromóid (1); i gcás chothromóid (2), is é 16 uair an chloig an tréimhse sin. Is féidir Fíoracha A.1 agus A.2 in Iarscríbhinn A a úsáid mar shoiléiriú toisc go leagtar amach iontu na ceanglais go hiomchuí.